# Téarmaí Tagartha maidir le
# Ceapachán an Uachtaráin COBÁC

## An Coiste Roghnúcháin

Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin na nithe seo a leanas, ag tabhairt aird mar is cuí ar reachtanna na hOllscoile:

1. Cuirfidh sé na nósanna imeachta, arna bhformheas ag an Údarás Rialaithe maidir le hUachtarán COBÁC a cheapadh i gcomhréir le téarmaí tagartha an Choiste Roghnúcháin, i bhfeidhm.
2. Smaoineoidh sé ar gach iarratas atá faighte ag oifig an Uachtaráin le haghaidh ceapachán agus, ag féachaint don chritéir arna leagan síos ag an gCoiste Cuardaigh, déanfaidh sé bearta iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí agus chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu, más ann, de na hiarrthóirí atá oiriúnach le haghaidh ceapachán go hoifig an Uachtaráin.
3. Tar éis domhainmhachnaimh, cruthóidh sé liosta fada d'iarrthóirí a d'fhéadfaí a bheith ceaptha.
4. Ón liosta fada d'iarrthóirí, cuirfidh sé gearrliosta aontaithe ar fáil d'iarrthóirí a d'fhéadfaí a bheith ceaptha, liosta ar féidir a athbhreithniú agus pléite ag leanúint ar aghaidh.
5. Cinnteoidh sé go raibh seiceálacha cúlra iomchuí na n-iarrthóirí déanta agus measta.
6. I gcomhar leis an ngníomhaireacht cuardaigh feidhmeannaigh, déanfaidh sé na hagallaimh tosaigh leis na hiarrthóirí ar an ngearrliosta.
7. Más gá, déanfaidh sé agallaimh don dara babhta le gearrliosta laghdaithe d'iarrthóirí.
8. Cuirfidh sé an t-iarrthóir, a mheasann sé a bheith an t-iarrthóir is oiriúnaí, isteach chuig an Údarás Rialaithe le haghaidh ceapachán go hoifig an Uachtaráin.
9. Má dhéanann an t-Údarás Rialaithe cinneadh nach bhfuil an chéad iarrthóir oiriúnach, déanfaidh sé cinneadh cé acu, más ann, de na hiarrthóirí atá oiriúnach agus cuirfidh sé, má iarradh air, iarrthóir oiriúnach eile isteach chuig an Údarás Rialaithe.
10. I rith an phróisis, cuirfidh sé tuairiscí tráthúla ar fáil don Údarás Rialaithe maidir le dul chun cinn obair an Choiste Roghnúcháin.

### Comhdhéanamh an Choiste*

Is é an t-Údarás Rialaithe a cheapfaidh an Coiste Roghnúcháin, agus beidh an Coiste comhdhéanta de deichniúr (10) comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach, mar seo a leanas:

1. Cathaoirleach an Údaráis Rialaithe, a bheidh mar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin.
2. Ceathrar (4) comhalta eile den Údarás Rialaithe chun comhalta acadúil amháin (1) a bheith san áireamh
   ionadaí na mac léinn amháin (1) agus comhalta seachtrach amháin (1).

3. Beirt (2) chomhalta den Chomhairle Acadúil, tofa ag an gComhairle Acadúil.
4. Triúr (3) comhalta neamhspleácha, seachtracha, ar a laghad ceann amháin dóibh (1) atá nó a bhí ina Uachtarán nó a hUachtarán, a Sheansailéir nó a Seansailéir, nó a Leas-Sheansailéir nó a Leas-Seansailéir ar Phríomhollscoil.

Ceapfar Leas-Chathaoirleach, a bheidh mar chomhalta seachtrach den Údarás Rialaithe, agus a dhéanfaidh cathaoirleacht dá mbeadh an Cathaoirleach as láthair go sealadach. Déanfar cinntí agus gach duine ar aon intinn, ach munar féidir é seo a dhéanamh beidh vóta ag gach comhalta den Choiste Roghnúcháin. I gcás comhscór vótaí, beidh vóta réitigh, a d(h)ara vóta, ag Cathaoirleach an Choiste.

Cloífidh comhaltas an Choiste Roghnúcháin le treoirlínte COBÁC lena rialaítear cothromaíocht inscne ar choistí.

*Má staonann comhalta an Choiste Roghnúcháin de bheith ina chomhalta nó a comhalta den toghcheantar ónar ceapadh é nó í, féadfaidh an t-Údarás Rialaithe a chinneadh ar chóir dó nó di staonadh de bheith ina chomhalta nó a comhalta den Choiste. Má bhíonn folúntas ann, féadfaidh an tÚdarás Rialaithe comhalta ionadaíoch a cheapadh ón toghcheantar céanna.

### Rúnaí an Choiste

Feidhmeoidh an Stiúrthóir, Rúnaíocht na hOllscoile mar Rúnaí an Choiste Roghnúcháin ach ní bheidh sé nó sí ina chomhalta nó a comhalta den Choiste Roghnúcháin.

### Rúndacht na n-Imeachtaí

Is coinníoll le haghaidh chomhaltas an Choiste Roghnúcháin é go mbeidh a phléite agus gach ábhar a bhaineann lena imeachtaí **faoi rún daingean**. Is gealltanas é glacadh le comhaltas go forleanfar go daingean leis an gcoinníoll seo.

### Ionduchtú

Cuirfear seisiún ionduchtaithe ar fáil do gach comhalta den Choiste Roghnúcháin ar mhaithe le hionchais agus freagrachtaí na ndaoine aonair ar an gCoiste Roghnúcháin agus an Choiste Roghnúcháin ina iomláine a bhunú.

### Córam*

Beidh 50% de chomhaltaí an Choiste Roghnúcháin móide duine amháin mar chóram cruinnithe an Choiste Roghnúcháin, le gach duine ag freastal i bpearsa, thar Zoom nó trí mhodh eile den sórt sin (e.g. guthán) inar féidir leo a bheith i láthair go hiomlán agus dul i ngleic le gach plé.

Ag tabhairt faoi deara go bhfuil tiomantas ama fhada ann, táthar ag súil go ndéanfaidh comhaltaí an Choiste Roghnúcháin a ndícheall freastal ar gach cruinniú chun a chinntiú go bhfuil rannpháirtíocht iomlán agus leanúnachas críochnúil ag baint le pléite an Choiste.

*Sa chás go n-éiríonn comhalta as nó nach bhfuil comhalta ábalta freastal ar níos mó ná cruinniú sceidealaithe amháin, nó má thagann folúntas chun cinn ar an gCoiste ar aon chúis eile, féadfaidh an t-Údarás Rialaithe iarrthóir ionaid a cheapadh.

## Próifíl an Iarrthóra

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin aird ar an gcritéar le bheith úsáidte i measúnú ar oiriúnacht na n-iarrthóirí le haghaidh oifig an Uachtaráin, arna gcinneadh ag an gCoiste Cuardaigh.

## Amlíne Próisis Roghnúcháin

Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin a phléite agus déanfaidh sé agallaimh, ag tabhairt aird ar an amlíne arna formheas ag an Údarás Rialaithe. I gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le rúndacht dhian, féadfaidh an Coiste Roghnúcháin cuid de nó gach gníomhaíocht roghnúcháin iarrthóra lasmuigh den Champas a dhéanamh, ag láthair iomchuí.

## Nósanna Imeachta

Cuirfidh an Coiste Roghnúcháin na nósanna imeachta, arna bhformheas ag an Údarás Rialaithe, i bhfeidhm chun Uachtarán COBÁC a cheapadh i gcomhréir le téarmaí tagartha an Choiste Roghnúcháin.

Déanfar an t-Údarás Rialaithe a choimeád ar an eolas go rialta maidir le dul chun cinn an Choiste Roghnúcháin. Dá bhrí sin, cuirfidh Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuairisc ar fáil ag cruinnuithe iomchuí an Údaráis Rialaithe, ar an mbonn tuisceana go ndéanfar tuairiscí den sórt sin i dtéarmaí ginearálta amháin, i bhfianaise íogaireachta agus rúndachta déine obair an Choiste Roghnúcháin.

## Moladh

Más rud é go ndéanann an Coiste Roghnúcháin cinneadh go bhfuil iarrthóir amháin nó níos mó oiriúnach, molfaidh sé an t-iarrthóir, a mheasann sé a bheith an t-iarrthóir is oiriúnaí, don Údarás Rialaithe le haghaidh ceapachán go hoifig an Uachtaráin.

Is féidir leis an Údarás Rialaithe an t-iarrthóir arna mholadh ag an gCoiste Roghnúcháin a cheapadh go hoifig an Uachtaráin. Má déanann an t-Údarás Rialaithe cinneadh nach bhfuil an t-iarrthóir arna mholadh oiriúnach le haghaidh ceapachán go hoifig an Uachtaráin, iarradh ar an gCoiste Roghnúcháin iarrthóir iomchuí eile a mholadh.

Féadfaidh an Coiste Roghnúcháin, más rud é go meastar go bhfuil iarrthóir amháin nó níos mó atá fágtha oiriúnach, iarrthóir eile a mholadh don Údarás Rialaithe le haghaidh ceapachán go hoifig an Uachtaráin. Is féidir leis an Údarás Rialaithe iarrthóir eile arna mholadh ag an gCoiste Roghnúcháin a cheapadh go hoifig an Uachtaráin. Ní cheapfaidh an t-Údarás Rialaithe iarrthóir d'oifig an Uachtaráin nach raibh molta ag an gCoiste Roghnúcháin, arna bhunú i gcomhréir le reachtanna COBÁC.

Más rud é go gcineann an Coiste Roghnúcháin nach bhfuil aon iarrthóir oiriúnach le haghaidh ceapachán go hoifig an Uachtaráin, nó má chineann an t-Údarás Rialaithe nach bhfuil aon iarrthóir arna mholadh ag an gCoiste Roghnúcháin oiriúnach le haghaidh ceapachán, nó má dhiúltaíonn iarrthóir, lena ndéanann Údarás Rialaithe ceapachán a thairiscint dó nó di, glacadh leis an gceapachán, atosóidh an t-Údarás Rialaithe na nósanna imeachta arna leagan amach sna reachtanna ó aon chéim, ag féachaint do na cúinsí ar fad, lena ndéanann an t-Údarás Rialaithe a chinneadh go bhfuil sé iomchuí.

## Téarmaí do Cheapachán an Uachtaráin

I gcomhairle leis an gcomhairleoir cuardaigh feidhmiúcháin proifisiúnta agus Príomhoifigeach na nDaoine agus Stiúrthóir S.I.R.C agus Seirbhísí Dlí, bunóidh Cathaoirleach an Údaráis Rialaithe paraiméadair chonartha don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.
Formheasfaidh an t-Údarás Rialaithe an conradh deiridh.